Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 18 Márta 2022
(OR. en)

6872/22
ADD 1
LIMITE
PV CONS 12
JAI 288
COMIX 115

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Ceartas agus Gnóthaí Baile)

3 agus 4 Márta 2022

PUBLIC

## CLÁR

**Leathanach**

GNÓTHAÍ BAILE

### Gníomhaíochtaí neamhreachtacha


3. Freagairt na hEorpa ar an staid san Úcráin ........ 4
   a) Cinneadh lena gcuirtear chun feidhme an chosaint shealadach dá bhforáiltear i dTreoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001
   b) Saincheisteanna eile a bhaineann leis an staid san Úcráin

4. Tearmann-Imirce: athbhreithniú ar an dul chun cinn ........ 4

RIALACHAS POLAITIÚIL LIMISTÉAR SCHENGEN ('COMHAIRLE SCHENGEN')

6. Staid ghinearálta limistéar Schengen ........ 4
   a) Rialachas polaitiúil Schengen
   b) Tuairisc staide

7. Rialachán ón gComhairle maidir le sásra meastóireachta agus faireacháin Schengen ........ 5

SAINCHEISTEANNA EILE GNÓTHAÍ BAILE

8. Conclúidí maidir le hobair cosanta sibhialta i gcoinne an athraithe aeráide ........ 5

9. Ráiteas ón gComhairle maidir leis na fógraí dearga ó Interpol ........ 5

10. Aon ghnó eile ........ 5

CEARTAS

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**


13. Cinneadh ón gComhairle maidir leis an bhfuathchaint agus leis an bhfuathchoireacht ............... 5

14. Cearta bunúsacha ........................................................................................................... 6
   a) Malartú tuairimí le Stiúrthóir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)
   b) Conclúidí maidir leis an gciníochas agus an frithsheimíteachas a chomhrac

15. Saincheisteanna a bhaineann le rochtain ar dhlíodóir ..................................................... 6

16. Aon ghnó eile ................................................................................................................. 6
   a) Líomhaintí maidir le mangaireacht tionchair
   b) Líomhaintí maidir le foréigean a imríodh ar lucht agóide le linn na n-agóidí i gcoinne srianta COVID-19
   c) Breitheamh Polannach a ionchúiseamh sa Bhealarúis

IARSCRÍBHINN - Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle .................................................. 7


***

PUBLIC

**DÉARDAOIN, AN 3 MÁRTA 2022 (9.16)**

**GNÓTHAÍ BAILE**

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. **Freagairt na hEorpa ar an staid san Úcráin** 6719/22

a) **Cinneadh lena gcuirtear chun feidhme an chosaint shealadach dá bhforáiltear i dTreoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001**
*Comhaontú i bprionsabal maidir le gníomhachtú*

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an Treoir um Chosaint Shealadach agus téacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a ghníomhachtú.

b) **Saincheisteanna eile a bhaineann leis an staid san Úcráin**

Rinne na hairí tuairimí a mhalartú freisin trí VTC le hAire Gnóthaí Baile na hÚcráine.

**SAINCHEISTEANNA EILE GNÓTHAÍ BAILE**

4. **Tearmann/Imirce: athbhreithniú ar an dul chun cinn**[1] 6264/22
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir leis an staid mar atá a chuir an Uachtaránacht ar fáil i ndáil leis an gcur chuige céimnitheach i leith na himirce agus an tearmainn.

**RIALACHAS POLAITIÚIL LIMISTÉAR SCHENGEN ('COMHAIRLE SCHENGEN')**

6. **Staid ghinearálta limistéar Schengen**[2]

a) **Rialachas polaitiúil Schengen**

b) **Tuairisc staide** 6234/22 + COR 1

*Malartú tuairimí* 6408/22

Tar éis an phlé a rinneadh ag an gcruinniú a bhí ag an gCoiste Measctha ar leibhéal na nAirí (6964/22), chomhaontaigh an Chomhairle leanúint ar aghaidh ar bhonn an togra ón Uachtaránacht, agus an chéad chruinniú eile de Chomhairle Schengen a eagrú i mí an Mheithimh.

---

[1] Go heisceachtúil, i láthair Stáit Chomhlachaithe Schengen.
Tugtar cuireadh do na gníomhaireachtaí Eorpacha EUAA agus Frontex a bheith i láthair don mhír seo.

[2] Tugtar cuireadh do na gníomhaireachtaí Eorpacha Frontex, Europol agus eu-LISA a bheith i láthair don mhír seo.



PUBLIC

**7.** **Rialachán ón gComhairle maidir le sásra meastóireachta agus faireacháin Schengen** Ⓒ 6685/22
*Cur chuige ginearálta*

Tar éis an phlé a rinneadh ag an gcruinniú a bhí ag an gCoiste Measctha ar leibhéal na nAirí (6964/22), tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta don Rialachán ón gComhairle maidir le sásra meastóireachta agus faireacháin Schengen.

SAINCHEISTEANNA EILE GNÓTHAÍ BAILE

**8.** **Conclúidí maidir le hobair cosanta sibhialta i gcoinne an athraithe aeráide** 6528/22
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na conclúidí maidir le hobair cosanta sibhialta i bhfianaise an athraithe aeráide mar a leagtar amach iad in 6528/22.

**9.** **Ráiteas ón gComhairle maidir leis na fógraí dearga ó Interpol** 6217/22
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle an ráiteas maidir leis na fógraí dearga ó Interpol.

**10.** **Aon ghnó eile**

Níor tarraingíodh aon mhíreanna anuas faoin gceannteideal seo.

**DÉ hAOINE, AN 4 MÁRTA 2022 (10.15)**

**CEARTAS**

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**13.** **Cinneadh ón gComhairle maidir leis an bhfuathchaint agus leis an bhfuathchoireacht** Ⓒ 6523/22
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an gCinneadh atá beartaithe arb é is aidhm dó 'an choireacht agus an fhuathchaint' a chuimsiú faoi liosta na réimsí coireachta dá dtagraítear in Airteagal 83(1) CFAE.

PUBLIC

**14. Cearta bunúsacha**

**a) Malartú tuairimí le Stiúrthóir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)**

**b) Conclúidí maidir leis an gciníochas agus an frithsheimíteachas a chomhrac** 6406/22

*Formheas*

a) Thug an Chomhairle dá haire cur i láthair ó Stiúrthóir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) maidir leis an obair atá déanta ag an nGníomhaireacht i ndáil leis an gcomhrac i gcoinne an chiníochais agus an fhrith-Sheimíteachais.

b) D'fhormheas an Chomhairle sraith conclúidí maidir leis an gciníochas agus an frithsheimíteachas a chomhrac. Leagtar amach téacs na gconclúidí in 6877/22.

**15. Saincheisteanna a bhaineann le rochtain ar dhlíodóir** 6319/22

*Malartú tuairimí*

Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir le rochtain ar dhlíodóir, agus maidir leis an tábhacht a bhaineann leis sin i gcóras éifeachtach ceartais.

**16. Aon ghnó eile**

**a) Líomhaintí maidir le mangaireacht tionchair**

**b) Líomhaintí maidir le foréigean a imríodh ar lucht agóide le linn na n-agóidí i gcoinne srianta COVID-19**

**c) Breitheamh Polannach a ionchúiseamh sa Bhealarúis**

*Faisnéis ó thoscaireacht na Polainne*

Chuir toscaireacht na Polainne an Chomhairle ar an eolas faoi na trí phointe sin. Chuir an Coimisiún agus toscaireachtaí éagsúla leis an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil don Chomhairle freisin.



PUBLIC

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 6544/22**

PUBLIC

**Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** **Cinneadh ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Vanuatú i ndáil le tarscaoileadh ar víosa ghearrfhanachta a chur ar fionraí go páirteach**
*Glacadh*

**RÁITEAS Ó MHÁLTA**

'Admhaíonn Málta go ndealraíonn sé, ar bhonn na dtorthaí ón gCoimisiún Eorpach, go bhfuil saincheisteanna slándála ann maidir leis an gcaoi a bhfuil na próisis saoránachta trí infheistíocht á ndéanamh in Vanuatú agus go bhfuil, ar na forais sin, bonn cirt le tarscaoileadh ar víosa ghearrfhanachta a chur ar fionraí mar a mhol an Coimisiún Eorpach. Tá sé sin amhlaidh go háirithe i bhfianaise easpa dianphróiseas i ndáil le dícheall cuí, agus ba cheart do phróisis den chineál sin a bheith ina ngné ríthábhachtach d'aon scéim saoránachta trí infheistíocht. Meabhraítear do Mhálta, mar sin féin, ceannasacht an Stáit maidir le cúrsaí saoránachta.'

**Maidir le mír 17 ar liosta na míreanna 'A':** **Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh**
*Glacadh*

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Measann an Coimisiún gur cheart an Cinneadh ón gComhairle a chur faoi bhráid an Choimisiúin, agus go bhfuil na hathruithe ar Airteagal 4 míchuí dá bhrí sin.

Is gníomh ionadaíochta seachtraí thar ceann an Aontais é seasamh an Aontais a nochtadh i gcomhlacht arna bhunú trí chomhaontú, gníomh atá ina shainphribhléid institiúideach de chuid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 17(1) CAE.

Forchoimeádann an Coimisiún a chearta uile i dtaca leis sin.'

**<u>Maidir le mír 20 ar liosta na míreanna 'A'</u>:**

**Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh chun comhaontú idirnáisiúnta maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí agus maidir le leasuithe comhlántacha ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta a chaibidil (2005)**
*Glacadh*

PUBLIC

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Measann an Coimisiún nach bhfuil sé ceart ó thaobh an dlí de gur i gCinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht a dhéanfaí bunús dlí substainteach a léiriú.

Tá an Cinneadh lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht bunaithe ar chumhachtaí tarmligthe an Aontais a bheith ann, agus ar an mbonn sin amháin, ní ar chinneadh maidir le hinniúlacht shonrach. Is é is éifeacht theoranta dó an Coimisiún nó an tArdionadaí, de réir mar a bheidh, a údarú chun a shainphribhléidí faoi Chonarthaí an Aontais a úsáid chun tús a chur le caibidlíocht. Cinntear raon feidhme na caibidlíochta sin dá bhrí sin de réir raon feidhme chumhachtaí an Aontais. Ina theannta sin, ní féidir leis an gCinneadh ón gComhairle, lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht, saoirse chomhpháirtí ionchasach conartha an Aontais a theorannú maidir le raon feidhme na caibidlíochta a chinneadh. Dá bhrí sin, ní féidir bunús dlí beacht an chomhaontaithe a bheidh ann amach anseo a chinneadh sula mbeidh ábhar an chomhaontaithe ar eolas.

Forchoimeádann an Coimisiún a chearta uile i dtaca leis sin.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN 2**

'Measann an Coimisiún go bhféadfaidh an Chomhairle na treoracha caibidlíochta a leagtar síos san Aguisín a ghabhann leis an gCinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht, a athbhreithniú agus a fhorbairt níos mó, de réir mar is iomchuí agus is gá le linn na caibidlíochta sin, ar bhonn moladh nua ón gCoimisiún roimh ré amháin agus i gcomhréir le ceart tionscnaimh an Choimisiúin faoi Airteagal 218(3) agus (4) CFAE.

Coimeádann an Coimisiún a chearta uile i dtaca leis sin.'

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Tacaíonn Poblacht na Bulgáire leis na hiarrachtaí chun comhar idirnáisiúnta a bhaint amach in earnálacha éagsúla chun an ullmhacht agus an fhreagairt do phaindéimí domhanda agus náisiúnta a fheabhsú mar chuid den ailtireacht dhomhanda sláinte.

Measann an Bhulgáir gur chuir Uachtaránacht na Fraince feabhas substaintiúil ar bhuntéacs an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle agus ar na Treoracha don chaibidlíocht atá leagtha síos san Aguisín a ghabhann leis an gCinneadh, agus dá bhrí sin, táimid in ann tacú le spiorad foriomlán an Chinnidh ón gComhairle.

Mar sin féin, a mhéid a bhaineann leis an idirdhealú soiléir idir ábhair a thagann faoi inniúlachtaí náisiúnta agus inniúlachtaí an Aontais, tá an téacs fós doiléir i bpáirt, a léiríonn comharthaí leochaileachta agus débhríochta. Cé go dtuigimid gurb é raon feidhme an Chinnidh sainordú a thabhairt don Choimisiún dul i mbun caibidlíochta maidir le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais, tugaimid dár n-aire, agus is ábhar imní dúinn, na forálacha doiléire i réimsí íogaire, rud a fhágfaidh go mbeifí in ann léirmhíniú dlíthiúil a dhéanamh agus go bhféadfadh go mbeadh deacrachtaí ag Ballstáit ag céim na caibidlíochta. D'fhonn aon amhras a sheachaint, measaimid, dá bhrí sin, go bhfuil sé bunriachtanach aird a tharraingt, ag tús an phróisis sin, ar roinnt gnéithe, a pléadh go críochnúil agus a dearbhaíodh ach nach léirítear go sainráite sa dréachtdoiciméad:

Ar an gcéad dul síos, ba cheart idirdhealú soiléir a dhéanamh sa phróiseas caibidlíochta idir ábhair a thagann faoi inniúlachtaí náisiúnta agus faoi inniúlachtaí an Aontais. A mhéid a bhaineann le cúram sláinte, i gcomhréir le dlí príomha an Aontais, ba cheart deighilt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit mar a shainmhínítear sa bhunús dlí substainteach é a urramú go hiomlán le linn an phróisis caibidlíochta. Dá bhrí sin, táimid buíoch as an dearbhú ón gCoimisiún agus ón Uachtaránacht go bhforchoimeádann na Ballstáit a gceart caibidlíocht a dhéanamh as a stuaim féin, bunaithe ar a seasaimh náisiúnta maidir le hábhair a thagann faoi inniúlachtaí náisiúnta eisiacha. Cumhdóidh sé sin, de réir Airteagal 168(7) CFAE, na saincheisteanna uile a bhaineann le seirbhísí sláinte agus cúram leighis a eagrú agus a sholáthar agus le maoiniú an chúraim sin, go háirithe maidir le hábhair ar dócha go spreagfaidh siad oibleagáidí airgeadais do na Ballstáit amach anseo.

Agus aird á tabhairt ar an éiginnteacht leanúnach atá ann maidir le substaint agus inneachar na hionstraime idirnáisiúnta a bheidh ann amach anseo maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt paindéime, na sásraí comhordúcháin agus go háirithe an tagairt do na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005), measaimid gur cosaint riachtanach do na Ballstáit é soiléiriú den sórt sin agus go ndearbhaítear príomhphrionsabail amhail coimhdeacht, tabhairt cumhachtaí chomh maith le dea-chomhar idirinstitiúideach.

Ar an dara dul síos, iarraimid go dtabharfaí níos mó airdeall agus tagairt á déanamh do 'ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí' agus urraim iomlán á tabhairt do théacs an Chinnidh a glacadh le linn an tSeisiúin Speisialta den Chomhthionól Domhanda Sláinte. Leis an hipitéis a bhaineann le 'ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí', glactar leis go mbeidh oibleagáidí ag na Ballstáit agus beidh siad faoi réir phróiseas na caibidlíochta, agus sa chomhthéacs sin, ba cheart go mbeadh saoirse ag na Ballstáit a gcinntí críochnaitheacha a dhéanamh. Measann an Bhulgáir, ina cáil náisiúnta, go bhfuil gá le cur chuige cúramach chun conarthaí agus comhpháirtíochtaí nua idirnáisiúnta a fhorbairt, lena ngabhann breisluach soiléir do na comhaontuithe, na sásraí agus na tionscnaimh atá ann cheana, e.g. na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005), agus dúbailt gníomhaíochtaí á seachaint.

Ar deireadh, measaimid nach mbaineann gach tagairt do ghealltanais airgeadais sa dréacht-Chinneadh ach le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais. Ní chumhdaítear gealltanais a bhaineann le buiséid náisiúnta leis an gCinneadh seo, toisc go mbaineann inniúlacht náisiúnta eisiach leo. I bhfianaise na heaspa soiléireachta maidir leis an ábhar a d'fhéadfadh a bheith in ionstraim nua idirnáisiúnta agus na hoibleagáidí a bheadh ar na Ballstáit dá bharr, lena n-áirítear de chineál airgeadais, is gá a chur san áireamh acmhainneacht na hearnála sláinte sa tír ualach breise a iompar lena gcuirfí comhaontú nua idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann chun feidhme.

Sa chomhthéacs sin, agus Airteagal 168(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh á chur san áireamh go háirithe, agus ós rud é go bhfuil príomhról na mBallstát intuigthe ach nach luaitear go sainráite é i dtéacs an Chinnidh lena dtugtar sainordú don Choimisiún dul i mbun caibidlíochta ar ábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais, cuirfidh an Bhulgáir an Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle chun feidhme laistigh d'inniúlachtaí an Aontais mar a leagtar síos i ndlí príomha an Aontais Eorpaigh é. Is í an tuiscint atá againn nach ndéanfadh sé difear ar bhealach ar bith d'inniúlachtaí náisiúnta i réimse an bheartais sláinte, lena n-áirítear na seasaimh a d'fhéadfadh an Bhulgáir a ghlacadh laistigh dá hinniúlachtaí náisiúnta sa phróiseas caibidlíochta maidir le hionstraim idirnáisiúnta a bheidh ann amach anseo maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt.

Iarraimid go gcuirfí an ráiteas seo isteach i miontuairiscí an chruinnithe a bheidh ag Coreper agus an tseisiúin a bheidh ag an gComhairle ar lena linn a ghlacfar an cinneadh atá beartaithe.'

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Maidir leis na treoracha le haghaidh caibidlíocht a dhéanamh ar chomhaontú idirnáisiúnta maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt paindéime atá san Aguisín a ghabhann leis an gCinneadh thuasluaite, creideann an Pholainn nár cheart aon tagairtí do shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo (SRHR) a áireamh i dtéacs na dtreoracha.

Ní faoi inniúlacht an Aontais e saincheist SRHR, ach faoi na Ballstáit, agus tá tagairt den sórt sin sna treoracha contrártha d'Airteagal 168(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ina luaitear go soiléir go ndéanfaidh 'gníomhaíocht an Aontais urraim a thabhairt do na freagrachtaí atá ar na Ballstáit lena mbeartas sláinte a shainiú agus seirbhísí sláinte agus cúram liachta a eagrú agus a sholáthar'.

Ina theannta sin, má tá an tagairt do SRHR sna treoracha, níl sin ag teacht le haithris 6 agus 7 den chinneadh féin, ina gcuirtear béim ar urramú iomlán inniúlachtaí na mBallstát agus ról cúnta an Aontais amháin.

Ar an gcúis sin, creidimid nach bhfuil údar maith leis an tagairt do shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo sna treoirlínte caibidlíochta don Choimisiún.'